# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

S.7

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2004**

**GAEILGE - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR 1**
**(100 marc)**

**DÉARDAOIN, 10 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.15 go dtí 3.45**

## ROINN I – SCRÍOBH NA TEANGA [70 marc]

**Ceist 1.** Freagair do rogha **ceann amháin** de **A, B, C, D** anseo thíos. **(50 marc)**

**(Ní gá dul thar leathanach go leith i do fhreagra.)**

**A. AISTE**

Scríobh aiste ar do rogha **ceann amháin** de na hábhair seo:-

(i) Drochnósanna a bhíonn ag roinnt daoine óga.
(ii) Clár teilifíse nach dtaitníonn liom.
(iii) Dá mbeinn i mo Thaoiseach ar an tír seo.

**B. SCÉAL / EACHTRA**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:-

(i) Ceap scéal a mbeadh an giota seo thíos oiriúnach mar thús leis:-

"Léigh mé an litir ríomhphoist cúpla uair. Stán mé ar scáileán an ríomhaire ar feadh cúpla nóiméad. Ní fhéadfainn an scéal a chreidiúint. Bhí cuireadh faighte agam chun dul ar saoire go Meiriceá…"

(ii) Déan cur síos ar eachtra a tharla duit nuair a bhí tú thar sáile ar thuras scoile.

**C. DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID**

Maidir le do rogha **ceann amháin** de na rúin seo thíos scríobh an chaint a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son nó in aghaidh an rúin sin:-

(i) "Tá mí-iompar imreoirí agus lucht leanúna ag déanamh dochair do chúrsaí spóirt."

(ii) "Is cur amú ama é obair bhaile don dalta scoile."

**D. ALT (do nuachtán nó d'iris)**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:-

(i) Thug duine cáiliúil cuairt ar do scoil féin le déanaí.
Scríobh an t-alt a chuirfeá chuig eagarthóir iris na scoile ag cur síos ar an ócáid.

(ii) Tá an nuachtán *Lá* ag lorg alt ó dhaoine óga faoin ábhar 'An Ghaeilge i do Scoilse'.
Scríobh an t-alt a chuirfeá chuig eagarthóir an nuachtáin faoin ábhar sin.

**THALL →**

**Ceist 2.** Freagair **A** nó **B** anseo. **(Ní gá dul thar leathleathanach i do fhreagra.)** **(20 marc)**

**A.** Tá spéis ar leith agat i mbanna ceoil áirithe ach ní maith le do thuismitheoirí an banna ceoil sin. Scríobh **an comhrá** a bhí idir tusa agus duine de do thuismitheoirí mar gheall air seo.

**B.** Chuir tú agallamh ar dhuine gan dídean (duine a chónaíonn ar na sráideanna) i gcomhair iris na scoile. Rinne tú téipeáil ar an agallamh.
Scríobh **an t-agallamh** a bhí ar an téip agat.

## ROINN II - LÉAMHTHUISCINT (SLIOCHT LEANÚNACH) [30 marc]

Léigh an píosa iriseoireachta seo (bunaithe ar ailt in *Foinse* agus *Lá)* agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.
*[Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.]*

# Talamh Úr na Matrix

1. Téann scannáin áirithe i gcion ar an bpobal ar shlite nach dtéann scannáin eile. Tugtar scannáin chultais ar na scannáin seo agus bíonn lucht leanúna fíordhílis acu. Cheana féin, tá gach cuma ar an scéal gur mar seo a bheidh sé i gcás an scannáin ***The Matrix*** agus an dá cheann eile a lean é: ***The Matrix Reloaded*** agus ***The Matrix Revolutions***. Cad is cúis leis seo?

2. Nuair a bhí an bhliain 2000 ag druidim linn, bhuail scanradh go leor daoine maidir leis an gcumhacht as cuimse a bhí ag na ríomhairí ar ár saol. Cad a dhéanfaí dá gcuirfeadh fabht na mílaoise ríomhairí an domhain as riocht? B'fhéidir gur smaoineamh den saghas seo a spreag na deartháireacha Wachowski, Andy agus Larry, chun domhan seo na ***Matrix*** a chur os ár gcomhair.

3. Bhí criticeoirí scannán ag rá ag an am nach raibh seans dá laghad ann go gcuirfeadh daoine spéis in ***The Matrix*** toisc é a bheith ag teacht ar an saol ag an am céanna le ***The Phantom Menace***. Bhí dul amú orthu áfach. Rinneadh ***The Matrix*** ar bhuiséad a bhí beagán os cionn $200 milliún i Sydney na hAstráile agus tá breis agus $456 milliún saothraithe ag an scannán go dtí seo. Rinneadh ***The Matrix Reloaded*** agus ***The Matrix Revolutions*** le chéile ar chostas $300 milliún agus tá an costas sin glanta go maith faoin am seo.

4. Thuig na stiúrthóirí, Andy agus Larry Wachowski, cad a bhí ag teastáil ón lucht féachana. D'fhoghlaim siad é seo ó scannáin ar nós ***Star Wars*** agus ***Lord of the Rings***. Mheasc siad codanna de bhunábhair na scannán seo le seanscéalta na Gréige agus íomhánna ón mBíobla agus bhain siad úsáid as teicníochtaí a bhí in úsáid sna cluichí ríomhairí, í bhfístéipeanna ceoil agus sa bhficsean eolaíochta le blianta.

5. Briseann na scannáin seo talamh úr. Insíonn siad scéal atá cosúil leis na seanscéalta béaloidis ach insítear é i stíl atá fíornua-aoiseach.



**Ceisteanna** **(iad ar cómharc)**

(i) (a) Cén saghas scannán a dtugtar scannáin chultais orthu?
(b) Ainmnigh na trí scannán atá luaite in **Alt 1.**

(ii) (a) Breac síos pointe **amháin** eolais i dtaobh an scanradh a bhuail daoine agus 2000 ag druidim linn.
(b) Cén tionchar a bhí ag an scanradh seo, b'fhéidir, ar Andy agus Larry Wachowski?

(iii) (a) Cén fáth ar shíl criticeoirí scannán nach gcuirfeadh daoine spéis in ***The Matrix***?
(b) Luaitear in **Alt 3** go raibh 'dul amú' ar na criticeoirí. Cén fáth?

(iv) (a) Cad a d'fhoghlaim na stiúrthóirí ó scannáin ar nós ***Star Wars*** agus ***Lord of the Rings***?
(b) Luaigh teicníocht **amháin** ar baineadh úsáid as sna scannáin faoin ***Matrix***.

(v) Breac síos **dhá** phointe eolais ón téacs a léiríonn go bhfuil an sean agus an nua in úsáid sna scannáin faoin ***Matrix***.

